Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Na Gnéithe Cáilíochta: Nóta Cláir (MRB2)

| Tuairisceoir | MRB2: Na Gnéithe Cáilíochta |
|---|---|
| Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm | **Thar barr ar fad**<br>• Tá na sonraí a thugtar faoi na píosaí sa Nóta Cláir ar an-ardchaighdeán, beacht, suimiúil agus an-spéisiúil agus tugtar tacaíochtaí cuimsitheacha don éisteoir<br>• Tugtar eolas domhain agus an-mhionsonraithe ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair chumtha<br>• Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra ceol/amhrán/ eiseamláirí na stíle leibhéal an-ard tionscnaíochta sa taighde |
| Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán | **Os cionn na n-ionchas**<br>• Tá na sonraí a thugtar faoi na píosaí sa Nóta Cláir beacht, suimiúil, spéisiúil agus an-soiléir, agus tugtar tacaíochtaí an-mhaith don éisteoir<br>• Tugtar eolas domhain mionsonraithe ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair chumtha<br>• Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra ceoil/amhrán/eiseamláirí na stíle leibhéal ard tionscnaíochta sa taighde |
| Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó | **Ag teacht leis na hionchais**<br>• Tugtar roinnt eolas agus sonraí spéisiúla, atá gonta, faoi na píosaí sa Nóta Cláir, agus tugtar tacaíochtaí maithe don éisteoir<br>• Tugtar dóthain eolais agus cúlra ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair chumtha<br>• Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra ceoil/ amhrán/eiseamláirí na stíle roinnt tionscnaíochta sa taighde |
| Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig seiad a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart | **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br>• Tugtar eolas agus sonraí teoranta faoi na píosaí sa Nóta Cláir agus is beag tacaíocht, más anna r chor ar bith di, a thugtar don éisteoir<br>• Tugtar eolas agus cúlra teoranta ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair chumtha<br>• Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra ceoil/ amhrán/eiseamláirí na stíle easpa fianaise ar thaighde nó ar léitheoireacht neamhspleách |